



# Príomh-Aire na Breataine

Nuacht TG4 (Leibhéal B1)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi Liz Truss. Tháinig casadh sa scéal ó craoladh an mhír seo. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí plé ar an méid atá ar eolas agaibh faoi Liz Truss. Bainigí úsáid as na fíricí atá sa bhosca thíos chun cuidiú libh an comhrá a dhéanamh.

- ✓ 44 lá san oifig
  - ✓ £115,000 gach bliain dá saol amach anseo
    - ✓ 'Is trodaí mé, ní cladhaire mé'
    - ✓ D'éirigh sí as a post
      - ✓ Imní ar mhuintir na Breataine



## B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

feachtas	not going to plan
ag dul in aimhréidh	to finance, to fund
lucht infheistíochta	crisis
ciorruithe cánach	energy policies
beartais fuinnimh	campaign
a mhaoiniú	investors
croitheadh	doubt
géarchéim	duration
amhras	tax cuts
achar	jolt, shake

Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo a leanas:

- Bhain na beartais nua \_\_\_\_\_ as na margaí.
- Chuir na \_\_\_\_\_ agus na \_\_\_\_\_ imní ar an \_\_\_\_\_ .
- Ní bheadh Liz Truss an t - \_\_\_\_\_ sin i Sráid Downing go dtí tús 2023.
- Fógraíodh mionbhuiséad agus thosaigh cúrsaí \_\_\_\_\_.
- Tá \_\_\_\_\_ ar dhaoine faoi chumas Liz Truss.
- Bhí \_\_\_\_\_ Liz Truss dírithe ar dheacrachtaí eacnamaíochta na tíre.
- D'ardaigh dreamanna áirithe ceisteanna faoi conas na beartais nua \_\_\_\_\_.
- Thit luach an phuint agus tá \_\_\_\_\_ eacnamaíochta sa tír dá bharr.

2. Féach ar na teidil thíos. Bain amach na lúbíní agus cuir na focail san ord ceart chun teideal phost Rialtas na Breataine a aimsiú. Cén Béarla atá ar na poist?

(Príomh)(Aire)

\_\_\_\_\_

(Gnóthaí)(Rúnaí)(Eachtracha)

\_\_\_\_\_

(an)(Státchiste)(Seansailéir)

\_\_\_\_\_

### C: TUISCINT

---

Féach ar an mír den chéad uair. Bí ag obair leis an duine in aice leat ansin agus féachaidís ar na ráitis seo a leanas. An bhfuil siad fíor nó bréagach?

1. Bhí Liz Truss ina rúnaí gnóthaí eachtracha sular ceapadh ina príomh-aire í.

Fíor

Bréagach

2. Tá Rishi Sunak ina bhall den Pháirtí Caomhach.

Fíor

Bréagach

3. Ní raibh Liz Truss fós ina príomh-aire nuair a fuair Banríon Shasana bás.

Fíor

Bréagach

4. Tháinig feabhas ar na deacrachtaí eacnamaíochta nuair a fógraíodh an mionbhuiséad.

Fíor

Bréagach

5. Bhí Jeremy Hunt ina sheansailéir sula bhfuair Kwasi Kwarteng an post.

Fíor

Bréagach

6. Tháinig imní ar mhuintir na Breataine nach raibh Liz Truss ábalta don phost mar phríomh-aire.

Fíor

Bréagach

Féachaidís ar an mír arís.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (na horduimhreacha)

Féach ar an sampla thíos a bhí sa mhír den orduimhir. Freagair na ceisteanna:

‘...an tríú bean...’

- Scríobh isteach na horduimhreacha sa cholún ar chlé sa tábla thíos.
- Cén leagan de na focail seo – *bord*, *teach*, *áit* – a théann tar éis gach orduimhreach?  
Scríobh isteach na leaganacha cuí sna colúin ar dheis.

		bord	teach	áit
1ú				
2ú				
3ú	an tríú			
4ú				
5ú				
6ú				
7ú				
8ú				
9ú				
10ú				

### 2: Cruinneas gramadaí (saibhreas teanga)

‘Bhris Liz Truss Kwasi Kwarteng as a phost’

An féidir leat na frásaí eile seo a bhaineann le cúrsaí oibre a chur in abairtí lena mbrí a léiriú.  
Déan comparáid leis an duine in aice leat idir na habairtí atá agatsa agus na habairtí atá acusan.

- bata agus bóthar a thabhairt do / éirigh as / a bheith freagrach as / rud a bhaint amach*

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Féach ar na ráitis a bhaineann le cúrsaí oibre sa bhosca. Féach chomh maith ar an eochair atá sa chiorcal. An bhfuil na ráitis sa bhosca fíor fút féin? Scríobh an uimhir chuí in aice le gach ráiteas, is é sin, má tá an ráiteas fíor fút féin, cuir uimhir a haon in aice leis an ráiteas sin agus mar sin ar aghaidh.

- ✓ Is maith liom a bheith ag déileáil le daoine.
- ✓ Is maith liom fadhbanna a réiteach
- ✓ Is breá liom a bheith ag obair liom féin.
- ✓ Is duine iomaíoch mé.
- ✓ Is fuath liom nuair a bhím faoi bhrú i mo chuid oibre.
- ✓ Bíonn spriocdháta docht ag teastáil uaim i gcónaí.
- ✓ Is duine cruthaitheach mé.

- 1 – Tá an ráiteas fíor fúmsa
- 2 – Tá an ráiteas fíor fúmsa, den chuid is mó
- 3 – Tá mé idir dhá chomhairle faoin ráiteas seo
- 4 – Níl an ráiteas fíor fúmsa, den chuid is mó
- 5 – Níl an ráiteas fíor fúmsa

Nuair atá machnamh déanta agat ar na ráitis, pléigh gach ráiteas leis na daoine eile sa ghrúpa.

## 2: Scríobh

Scríobh an chéad chúpla líne de litir chumhdaigh anois, ag déanamh cur síos ar na tréithe maithe atá agat chun bheith ag obair i bhfoireann. Is cuma cén post atá ann. Cur síos ginearálta atá i gceist. Bain úsáid as na ráitis thuas chun cuidiú leat.

# AN SCRIPT

---

### Sinéad Ní Neachtain

I mí Mheán Fómhair a ceapadh Liz Truss ina príomh-aire ar an mBreatain, í ar an gcaoga séú<sup>1</sup> príomh-aire ar an tír, is í an tríú bean riamh í sa bpost<sup>2</sup>. Ina rúnaí gnóthaí eachtracha di, d'éirigh léi an ceann is fearr a fháil ar Rishi Sunak, iar-sheansailéir an stáichiste i dtoghchán ceannaireachta an Pháirtí Chaomhaigh.

Bhí a feachtas dírithe go láidir ar na deacrachtaí eacnamaíochta sa tír, ábhar a luigh go trom uirthi le linn a tréimhse gairide ina príomh-aire. Ní raibh Truss i bhfad ar chor ar bith sa ról nuair a bhásaigh Banríon Shasana. Bhí muintir na Breataine faoi bhrón agus dá bharr cuireadh cúrsaí polaitíochta ar an méar fhada. I ndiaidh na sochraide stáit, bhí polaiteoirí Westminster ar ais i mbun gnó. Fógraíodh mionbhuiséad agus thosaigh cúrsaí ag dul in aimhréidh.

D'ardaigh lucht infheistíochta agus anailísithe ceisteanna faoi mar a d'fhéadfaí ciorruithe cánach agus beartais fuinnimh a mhaoiniú. Bhain na beartais nua croitheadh as na margaí airgeadais agus léiríodh imní faoin laghad measúnacht neamhspleách a dearnadh<sup>3</sup> ar na pleananna.

Thit luach an phuint, d'ardaigh morgáistí agus iasachtaí eile agus thriail Banc Shasana a gcuid a dhéanamh leis an ngéarchéim a mhaolú. B'éigean cúlú ar pholasaithe áirithe a fógraíodh agus ar deireadh, bhris an príomh-aire, Liz Truss, seansailéir na Breataine, Kwasi Kwarteng, as a phost. Is é Jeremy Hunt, iar-rúnaí gnóthaí eachtracha na Breataine, a ceapadh ina sheansailéir ina áit.

Ina dhiaidh sin, caitheadh amhras faoina raibh Liz Truss in ann ag an bpost mar phríomh-aire. 118 lá an tréimhse ba ghairide a chaith aon duine ina phríomh-aire ar an mBreatain, b'in é an Tóraí, George Canning, sa mbliain 1827. Ní bheadh Liz Truss an t-achar sin i Sráid Downing go dtí tús 2023.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4.

---

<sup>1</sup> ar an séú príomh-aire is caoga a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil

<sup>2</sup> Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.

<sup>3</sup> dearnadh = leagan canúnach de 'rinneadh'

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Is féidir gach beirt a chur ina suí le chéile chun an méid atá ar eolas acu faoi Liz Truss a phlé. Mínigh dóibh go bhfuil athruithe móra tar éis teacht ar an scéal agus go gcaithfidh siad plé a dhéanamh ar an scéal is déanaí. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leis na foghlaimeoirí agus ag cuidiú leo.

### B: FOCLÓIR

feachtas – campaign  
ag dul in aimhréidh – not going to plan  
lucht infheistíochta – investors  
ciorruithe cánach – tax cuts  
beartais fuinnimh – energy policies  
a mhaoiniú – to finance, to fund  
croitheadh – jolt, shake  
géarchéim – crisis  
amhras – doubt  
achar – duration

- Bhain na beartais nua **croitheadh** as na margáí.
- Chuir na **ciorruithe cánach** agus na **beartais fuinnimh** imní ar an **lucht infheistíochta**.
- Ní bheadh Liz Truss an t-**achar** sin i Sráid Downing go dtí tús 2023.
- Fógraíodh mionbhuiséad agus thosaigh cúrsaí **ag dul in aimhréidh**.
- Tá **amhras** ar dhaoine faoi chumas Liz Truss.
- Bhí **feachtas** Liz Truss dírithe ar dheacrachtaí eacnamaíochta na tíre.
- D'ardaigh dreamanna áirithe ceisteanna faoi conas na beartais nua a **mhaoiniú**.
- Thit luach an phuint agus tá **géarchéim** eacnamaíochta sa tír dá bharr.

(Príomh)(Aire)  
(Gnóthaí)(Rúnaí)(Eachtracha)  
(an)(Stáitchiste)(Seansailéir)

Príomh-Aire (Prime-Minister)  
Rúnaí Gnóthaí Eachtracha (Foreign Secretary)  
Seansailéir an Stáitchiste (Chancellor of the Exchequer)

### C: TUISCINT

1. Fíor.
2. Fíor.
3. Bréagach. Bhí sí ina príomh-aire nuair a fuair an Bhanríon bás.
4. Bréagach. A mhalairt atá i gceist. Thosaigh rudaí ag dul in aimhréidh.
5. Bréagach. Tháinig Jeremy Hunt i gcomharbas ar Kwasi Kwarteng.
6. Fíor.



### D: FEASACHT TEANGA

#### 1: Cruinneas gramadaí (na horduimhreacha)

		<b>bord</b>	<b>teach</b>	<b>áit</b>
1ú	an chéad	<b>b</b> hord	teach	áit
2ú	an dara	bord	teach	<b>h</b> áit
3ú	an tríú			
4ú	an ceathrú			
5ú	an cúigiú			
6ú	an séú			
7ú	an seachtú			
8ú	an t-ochtú			
9ú	an naoú			
10ú	an deichiú			

#### 2: Cruinneas gramadaí (saibhreas teanga)

Duine a bhriseadh as a phost – to fire someone

Bata agus bóthar a thabhairt do dhuine – to fire someone

Éirigh as – resign, quit

A bheith freagrach as rud – to be responsible for something

Rud a bhaint amach – to achieve something

### E: CUMARSÁID

#### 1: Caint

Léigh trí na ráitis sa bhosca agus tríd an eochair atá sa chiorcal buí le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud agus go dtuigeann siad an méid atá le déanamh acu. Tabhair cúpla nóiméad do na foghlaimoirí a gcuid smaointe a chur i gceann a chéile leo féin ar dtús. Tabhair deis dóibh ansin plé a dhéanamh ar na ráitis ar fad. Bí ag éisteacht leis an gcomhrá agus ag cuidiú leo más gá.

#### 2: Scríobh

Abair leo ansin an chéad chúpla líne de litir chumhdaigh a scríobh. Mínigh dóibh nach bhfuil ann ach cur síos an-ghinearálta faoi na scileanna atá acu chun bheith ag obair mar chuid d'fhoireann.



Lárionad na Gaeilge

Taighde, Teagasc & Tástáil

## Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltacha & Gaelscolaíochta



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltacha, Spóirt agus Meán  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaelic, Sport and Media

